Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Aibreán 2025**
**(OR. en)**

**8352/25**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0099(NLE)**

**POLCOM 77**
**SERVICES 20**
**FDI 6**
**COASI 57**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Aibreán 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 183 final - IARSCRÍBHINN |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil arna bhunú leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn, a mhéid a bhaineann le leasuithe ar an gComhaontú sin maidir le prionsabail bhunúsacha agus cearta bunúsacha ag an obair |

Delegations will find attached document COM(2025) 183 final - IARSCRÍBHINN.

Encl.: COM(2025) 183 final - ANNEX.

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.4.2025
COM(2025) 183 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil arna bhunú leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn, a mhéid a bhaineann le leasuithe ar an gComhaontú sin maidir le prionsabail bhunúsacha agus cearta bunúsacha ag an obair**

## IARSCRÍBHINN

**Dréacht**
**CINNEADH Uimh. XX/2025**
**ón gCoiste um Thrádáil**

**an XX/XX/2025**

**lena leasaítear Airteagal 19.3(3) agus (5) maidir le leasú ar Dhearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha ag an Obair agus timpeallacht oibre shábháilte shláintiúil a chur le prionsabail bhunúsacha agus cearta bunúsacha ag an obair de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair**

**Tá an Coiste um Thrádáil,**

Ag féachaint don Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta), agus go háirithe Airteagal 19.3(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 10 Meitheamh 2022, ghlac an 110ú Comhdháil Idirnáisiúnta Saothair Rún I maidir le timpeallacht oibre shábháilte shláintiúil a chur le creat na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le prionsabail bhunúsacha agus cearta bunúsacha ag an obair.

(2) Foráiltear le hAirteagal 19.3(4) go bhféadfaidh an Coiste um Thrádáil cinneadh a ghlacadh, tráth nach déanaí ná a chéad chruinniú, chun Airteagal 19.3(3) a leasú chun a chur san áireamh go n-áirítear timpeallacht oibre shábháilte shláintiúil leis na prionsabail bhunúsacha agus na cearta bunúsacha ag an obair i gcomhréir leis an gcinneadh ón 110ú Comhdháil Idirnáisiúnta Saothair i mí an Mheithimh 2022.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 19.3(3) a leasú trí thimpeallacht oibre shábháilte shláinte a chur leis na prionsabail bhunúsacha agus na cearta bunúsacha ag an obair. Ina theannta sin, ba cheart an tagairt do Dhearbhú EIS maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha ag an Obair in Airteagal 19.3(3) a thabhairt cothrom le dáta lena hailíniú leis an leasú is déanaí a rinneadh ar an dearbhú.

(4) Tar éis an leasaithe a rinneadh ar Airteagal 19.3(3), an ráiteas san fhonóta d'Airteagal 19.3(5) go bhfuil coinbhinsiúin bhunúsacha EIS daingnithe ag na Ballstáit uile, tá sé imithe i léig. Dá bhrí sin, is cosúil gurb iomchuí an fonóta in Airteagal 19.3(5) a scriosadh.

**TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:**

*Airteagal 1*

Leasaítear Airteagal 19.3(3) agus (5), mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh na leasuithe a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo i bhfeidhm an chéad lá den séú mí tar éis an dáta a mhalartóidh na Páirtithe fógraí i scríbhinn lena ndeimhnítear gur thug siad chun críche a gceanglais agus a nósanna imeachta dlíthiúla infheidhme féin maidir le teacht i bhfeidhm na leasuithe.

Arna dhéanamh i ndúblach, sna teangacha seo a leanas: Béarla, Bulgáiris, Cróitis, Danmhairgis, Eastóinis, Fionlainnis, Fraincis, Gearmáinis, Gréigis, Iodáilis, Laitvis, Liotuáinis, Máltais, Ollainnis, Polainnis, Portaingéilis, Rómáinis, Seicis, Slóivéinis, Slóvaicis, Spáinnis, Sualainnis agus Ungáiris, agus comhúdarás ag gach téacs.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil agus in Wellington, [cuir isteach an dáta]

***Thar ceann an Choiste um Thrádáil***

***Na Comhchathaoirligh***

---------------------------------------- ----------------------------------------

Leasaítear Airteagal 19.3(3) mar a leanas:

(1) I ndiaidh na bhfocal ‘ag an 86ú Seisiún di ... agus leis an méid a lean as’, cuirtear isteach na focail ‘mar a leasaíodh iad ag an 110ú Seisiún di in 2022’.

(2) I bpointe (c), i ndiaidh na bhfocal ‘cealú éifeachtach saothair leanaí’, scriostar an focal ‘agus’.

(3) I bpointe (d), i ndiaidh na bhfocal ‘idirdhealú a dhíchur i leith fostaíochta agus gairm bheatha’, scriostar an lánstad agus cuirtear isteach ‘; agus’.

(4) Cuirtear pointe (e) isteach mar a leanas:

‘(e) agus timpeallacht oibre shábháilte shláintiúil’.

Leasaítear Airteagal 19.3(5) mar a leanas:

(1) Scriostar fonóta 1 ‘Tugann na Páirtithe faoi deara gur dhaingnigh na Ballstáit go léir coinbhinsiún bhunúsacha de EIS’.